Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Roghanna a cuireadh as an áireamh

Clár
**18**


Rinneadh na roghanna seo a leanas a fhorbairt agus a athbhreithniú ag tráth na céime a ndearnadh measúnú mionsonraithe ar na roghanna ach a cuireadh as an áireamh ar deireadh thiar. Tugtar achoimre mhionsonraithe thíos ar na cúiseanna faoi leith a cuireadh gach aon rogha as an áireamh.




## An Pháirc Theas

### Rogha a Cuireadh as an Áireamh: Claífort Bóthair


Baineann an rogha seo le claífort taobh thiar den Pháirc Theas. Go príomha, cuireadh as an áireamh é mar gheall ar na leibhéil ísle talún i gcomparáid leis an rogha do Chlaífort ar thaobh na Farraige (Tagair do Chlár 10), ina raibh gá le cosaintí i bhfad ní ba airde le hais leibhéil na talún mar atá. Bheadh tionchar amhairc nach beag ar réadmhaoine taobh thiar de Bhóthar Grattan. Chomh maith leis sin, bheadh radharc díreach ag daoine ar an gclaífort isteach sna réadmhaoine.





## Ard Bia

### Rogha a Cuireadh as an Áireamh: Cosaint In-díshuite thart ar Ard Bia

Baineann an rogha seo le cosaintí in-díshuite agus ballaí cosanta tuilte a thógáil idir foirgneamh Ard Bia agus Músaem na Gaillimhe. Go príomha, cuireadh as an áireamh é mar gheall ar airde na gcosaintí agus líon na gcosaintí in-díshuite a bheadh ag teastáil mar aon leis an scoilt a chruthófaí idir an Póirse Caoch agus an Balla Fada.




## Trasghearradh Chlaífort Bóthair na Páirce Theas




## An Balla Fada

### Rogha a Cuireadh as an Áireamh: Cosaint In-díshuite le taobh na Farraige

Baineann an rogha seo leis an talamh mar atá a ardú agus 200m de chosaintí in-díshuite a shuiteáil feadh An Balla Fada. Cuireadh as an áireamh é mar gheall nach meastar go mbeadh sé indéanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe na cosaintí in-díshuite a shuiteáil agus a bhaint sách minic lena chinntiú nach bhfágfaí iad ar an láthair ar feadh shéasúr na stoirmeacha ar fad. Cé go bhfuil na cosaintí in-dísuite / geataí tuilte ar fad ar fud limistéar na scéime seo ag brath ar chóras réamhaisnéise tuilte atá cruinn agus iontaofa, bheadh aga tionscanta níos faide ag teastáil chun feidhm a bhaint astu, agus mar gheall air sin, is rogha é nach bhfuil indéanta. Tá baol ann go dtiocfadh uisce isteach mura mbainfí feidhm as na cosaintí sula dtarlaíonn eachtra stoirme.

